Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Feabhra 2023**
**(OR. en)**

**6289/23**

**COH 18**
**CLIMA 68**
**ENER 72**
**ENV 121**
**SOC 92**
**FIN 168**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 14 Feabhra 2023 |
| chuig: | Toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5884/23 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 22/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: Tacaíocht AE do réigiúin ghuail: Béim theoranta ar an aistriú socheacnamaíoch agus fuinnimh<br>– Conclúidí ón gComhairle (14.2.2023) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 22/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Tacaíocht AE do réigiúin ghuail: Béim theoranta ar an aistriú socheacnamaíoch agus fuinnimh', a d'fhormheas an Chomhairle (Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais) ag an 3931ú cruinniú a bhí aici an 14 Feabhra 2023.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 22/2022 dar teideal 'Tacaíocht AE do réigiúin ghuail - Béim theoranta ar an aistriú socheacnamaíoch agus fuinnimh'**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

(1) IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 22/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (dá ngairtear "an Chúirt' feasta) agus na freagraí ón gCoimisiún ar an Tuarascáil;

(2) TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur scrúdaíodh san iniúchadh ón gCúirt ar an tacaíocht a thug Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE), Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus an Ciste Comhtháthaithe do shampla de sheacht réigiún guail san Aontas, sa tréimhse 2014-2020, lena mheas ar chuir sé go héifeachtach leis an aistriú socheacnamaíoch agus fuinnimh sna réigiúin sin. Dhírigh an Chúirt ar na ceisteanna a leanas:

- ar cuireadh oiliúint agus cúnamh iomchuí ar fáil d'oibrithe a leagadh as a bpost i dtionscail a bhaineann le gual;

- ar shainaithin na Ballstáit, in éineacht leis an gCoimisiún, riachtanais forbartha socheacnamaíocha agus cistí spriocdhírithe dá réir, agus

- an raibh laghdú ag teacht ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó ghual teirmeach i gcomhréir leis an titim i dtáirgeadh guail theirmigh an Aontais;

(3) AITHNÍONN SÍ go bhfuil torthaí agus moltaí an iniúchta seo beartaithe chun rannchuidiú le cur chun feidhme costéifeachtach éifeachtúil an Chiste um Aistriú Cóir (CUAC), mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip;

(4) TUGANN SÍ DÁ hAIRE príomhthorthaí na Tuarascála, go háirithe an méid seo a leanas:

- Bhí oiliúint arna gcistiú ag an Aontas ar fáil d'oibrithe guail a leagadh as a bpost, ach tá sonraí maidir le rannpháirtíocht easnamhach;

- Bhain na réigiúin ghuail roghnaithe úsáid as cistí an Aontais le haghaidh comhtháthú críochach agus béim theoranta á leagan ar an aistriú socheacnamaíoch agus fuinnimh;

- Go dtí seo, bhí béim agus tionchar teoranta ag tacaíocht an Aontais do réigiúin ghuail ar chruthú post agus ar an aistriú fuinnimh;

- In ainneoin dul chun cinn foriomlán, is foinse shuntasach astaíochtaí gáis ceaptha teasa fós é gual i roinnt Ballstát;

- Níl an tuairisciú ar astaíochtaí meatáin ó mhianaigh dúnta nó tréigthe iontaofa go leor, ná ní dhéantar dóthain iarratas ar an tuairisciú sin;

(5) CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS na dúshláin atá roimh na Ballstáit CUAC a úsáid go héifeachtach chun costais shocheacnamaíocha agus chomhshaoil an aistrithe a mhaolú, i bhfianaise an chreata ama theoranta a bhaineann le hacmhainní NextGenerationEU an Chiste agus chogadh foghach leanúnach na Rúise ar an Úcráin; dá bhrí sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún comhoibriú go dlúth leis na Ballstáit agus cúnamh leanúnach a thabhairt dóibh le linn chur chun feidhme na n-infheistíochtaí ábhartha, lena n-áirítear mórthionscadail chlaochlaithe;

(6) TAGANN SÍ leis an tuairim ón gCoimisiún sna freagraí uaidh maidir leis na torthaí agus na moltaí atá sa Tuarascáil ón gCúirt, go háirithe an méid seo a leanas:

- Ní raibh 'aistriú socheacnamaíoch agus fuinnimh' na réigiún guail ina sprioc shonrach den chreat dlíthiúil a bhí mar bhonn taca faoi chistí bheartas comhtháthaithe 2014-2020, agus ní raibh aon oibleagáid ar na Ballstáit caitheamh le réigiúin ghuail ar bhealach ar leith nuair a rinneadh cláir 2014-2020 a chaibidil;

- Bhí easnamh sonraí ann maidir le rannpháirtíocht na n-oibrithe guail a leagadh as a bpost i gcúrsaí arna gcistiú ag an Aontas toisc nach raibh aon cheanglas dlíthiúil ann sonraí rannpháirtíochta a bhailiú don ghrúpa áirithe sin;

- Faoi chlárthréimhse 2021-2027, cuirtear riachtanais na réigiún guail, móna agus scealla ola chomh maith leis na réigiúin ar mór a lorg guail agus carbóin san áireamh go hiomlán i gclársceidealú an tSásra um Aistriú Cóir agus i gcolún CUAC;

- Tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin i mí Feabhra 2022, d'aithin an Coimisiún go mb'fhéidir go mbeadh ar Bhallstáit tomhaltas guail a mhéadú sa ghearrthéarma sula n-aistreodh siad go hathnuaiteáin chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise a laghdú, ar choinníoll go n-urramófaí na spriocanna aeráide agus fuinnimh do 2030;

- Cé go n-aithníonn an Coimisiún na bearta gearrthéarmacha, d'iarr sé freisin go gcuirfí dlús le haistriú an Aontais chuig foinsí in-athnuaite mar bhealach chun allmhairí a laghdú go tapa agus spriocanna fuinnimh agus aeráide 2030 agus 2050 á mbaint amach ag an am céanna;

(7) TUGANN SÍ DÁ hAIRE na moltaí ón gCúirt agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- A sheiceáil go n-úsáideann na Ballstáit acmhainní CUAC go héifeachtach éifeachtúil chun tionchar socheacnamaíoch an aistrithe chuig an aeráidneodracht i réigiúin ar mór a lorg guail agus carbóin a mhaolú, tráth a mbeidh na Pleananna agus Cláir Chríochacha um Aistriú Cóir nár tíolacadh go fóill á bhformheas, tráth a mbeidh leasuithe ar Phleananna agus ar Chláir Chríochacha um Aistriú Cóir á bhformheas agus tráth a mbeidh faireachán agus tuairisciú á ndéanamh ar a gcur chun feidhme;
- Dea-chleachtais a roinnt maidir le hastaíochtaí meatáin ó mhianaigh atá dúnta agus tréigthe a thomhas agus a bhainistiú.